

1. D'oscail Colm Ó Sé a shúile agus lig sé cnead as.	Colm Ó Sé opened his eyes and groaned.
2. Chas sé sa leaba agus d'fhéach sé ar an gclog a bhí ar an mbord in aice na leapa.	He turned in the bed and looked at the clock that was on the table next to the bed.
3. Bhí na lámha ag tarraingt ar mheán lae.	The hands were approaching noon.
4. Lig sé cnead eile as agus tharraing sé na héadaí leapa thar a cheann.	He groaned again and pulled the bedclothes over his head.
5. Bhí diabhal beag damanta éigin ag bualadh a chláir éadain le casúr cruach.	Some darned little devil was striking his forehead with a steel hammer.
6. Bhí scór diabhal ag sá priocairí teo ina ghoile.	Twenty devils were sticking hot pokers into his stomach.
7. Bhí céad diabhal ag sá spící bioracha isteach ina shúile.	A hundred devils were sticking sharp spikes into his eyes.
8. Nocht sé a cheann arís agus thosaigh sé ag lúbarnaíl go míshuaimhneach.	He uncovered his head again and began to twist uneasily.
9. Tháinig imeachtaí na hoíche aréir ar ais ina chuimhne.	The events of the previous night came back into his memory.
10. Chuir sé tús leis an oíche ag ól lena chairde sa Ghluaisteán Glas, an tábhairne i lár na cathrach inar ghnách leo bualadh le chéile.	He began the night drinking with his friends in the Green Car, the pub in the middle of the city where they usually met each other.
11. Ansin chuaigh siad ar aghaidh go dtí Bealach na Bó Finne, an club oíche galánta taobh ó dheas den chathair.	Then they went on to the Milky Way, the elegant nightclub south of the city.
12. D'ól sé go trom ansin agus bhí sé chomh meidhreach le dreoilín teaspaigh nuair a thug sé an cailín faoi deara.	He drank heavily there and was as happy as a grasshopper when he noticed the girl.
13. Bhí sí ina suí le cúpla cailín eile ag an mbord in aice leis.	She was sitting with a few other girls at the table next to him.

# Ceacht a Seacht

## Lesson Seven

# An Geall


## The Bet

# Leathanach 2

## Page 2

	:00	:15	:30	:45
1:00	a haon a chlog	ceathrú tar éis a haon	leathuair tar éis a haon	ceathrú chun a dó
2:00	a dó a chlog	ceathrú tar éis a dó	leathuair tar éis a dó	ceathrú chun a trí
3:00	a trí a chlog	ceathrú tar éis a trí	leathuair tar éis a trí	ceathrú chun a ceathair
4:00	a ceathair a chlog	ceathrú tar éis a ceathair	leathuair tar éis a ceathair	ceathrú chun a cúig
5:00	a cúig a chlog	ceathrú tar éis a cúig	leathuair tar éis a cúig	ceathrú chun a sé
6:00	a sé a chlog	ceathrú tar éis a sé	leathuair tar éis a sé	ceathrú chun a seacht
7:00	a seacht a chlog	ceathrú tar éis a seacht	leathuair tar éis a seacht	ceathrú chun a hocht
8:00	a hocht a chlog	ceathrú tar éis a hocht	leathuair tar éis a hocht	ceathrú chun a naoi
9:00	a naoi a chlog	ceathrú tar éis a naoi	leathuair tar éis a naoi	ceathrú chun a deich
10:00	a deich a chlog	ceathrú tar éis a deich	leathuair tar éis a deich	ceathrú chun a haon déag
11:00	a haon déag a chlog	ceathrú tar éis a haon déag	leathuair tar éis a haon déag	ceathrú chun a dó dhéag
12:00	a dó dhéag a chlog meán lae meán oíche	ceathrú tar éis a dó dhéag	leathuair tar éis a dó dhéag	ceathrú chun a haon

1



<b>a haon</b>	<b>number one</b>
fear / fir	man / men
athair / aithreacha	father(s)
páiste / páistí	child(ren)
buachaill / buachaillí	boy(s)
mac / mic	son(s)
leaba / leapacha	bed(s)
bráilín / bráilíní	sheet(s)
blaincéad / blaincéid	blanket(s)
pilliúr / pilliúir	pillow(s)
ina luí	lying down
ag léamh	reading

Cé atá sa phictiúr seo?	Who's in this picture?
Cá bhfuil siad?	Where are they?
Cad atá siad ag déanamh?	What are they doing?
Cén dath atá ar an bpilliúr?	What color is the pillow?
An mbíonn tú ag léamh sa leaba?	Do you read in bed?
An dtéann tú a chodladh go luath?	Do you go to bed early?

2



<b>a dó</b>	<b>number two</b>
teach tábhairne	pub
tithe tábhairne	pubs
bia	food
deoch / deochanna	drink(s)
pláta / plátaí	plate(s)
hambargar/hambargair	hamburger
cáis	cheese
sceallóga	chips (fries)
sailéad	salad
beoir	beer
uisce beatha	whisky

Cad atá sa phictiúr seo?	What's in this picture?
Cad atá sa ghloine?	What's in the glass?
Cad atá ar an bpláta?	What's on the plate?
An maith leat beoir?	Do you like beer?
Cén bia is fearr leat?	What's your favorite food?
An raibh tú i dteach tábhairne riamh?	Where you ever in a pub?

3



<b>a trí</b>	<b>number three</b>
banna ceoil	music group
seisiún / seisiúin	session(s)
gléas ceoil	instrument
cláirseach/cláirseacha	harp(s)
bodhrán / bodhráin	Irish drum(s)
fidil / fiddleacha	fiddle (s)
feadóga / feadóga	whistle(s)
bosca ceoil	accordion
ag seinm	playing music
ag éisteacht	listening

Cé mhéad duine atá sa phictiúr?	How many people are in the picture?
Cad atá acu?	What do they have?
An bhfuil ceol agat?	Are you musical?
An maith leat ceol?	Do you like music?
Cén saghas ceoil is maith leat?	What kind of music do you like?